# CINNEADH (AE) 2020/2138 ÓN gCOMHAIRLE

## an 15 Nollaig 2020

## maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú um an gComhlimistéar Eitlíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an tSeoirsia, den pháirt eile, i dtaca le rialacha nóis imeachta an Chomhchoiste a ghlacadh

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2) de i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Thug an tAontas an Comhaontú um an gComhlimistéar Eitlíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an tSeoirsia, den pháirt eile ([1]) ("an Comhaontú") i gcrích trí bhíthin Chinneadh (AE) 2020/948 ón gComhairle ([2]) agus tháinig sé i bhfeidhm an 2 Lúnasa 2020.

(2) Le hAirteagal 22 den Chomhaontú bunaítear Comhchoiste atá comhdhéanta d'ionadaithe de chuid na bPáirtithe ("an Comhchoiste") chun riar agus cur chun feidhme cuí an Chomhaontaithe a áirithiú.

(3) Foráiltear le hAirteagal 22(3) den Chomhaontú go bhfuil an Comhchoiste chun a rialacha nóis imeachta a ghlacadh.

(4) Chun cur chun feidhme cuí an Chomhaontaithe a áirithiú, ba cheart rialacha nóis imeachta an Chomhchoiste a ghlacadh.

(5) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa chéad chruinniú den Chomhchoiste a bhunú, ós rud é gur cinneadh a mbeidh éifeachtaí dlíthiúla aige ar an Aontas a bheidh sa chinneadh ón gComhchoiste lena nglactar a rialacha nós imeachta. Ba cheart seasamh an Aontais sa Chomhchoiste a bhunú ar an Dréachtchinneadh ón gComhchoiste,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. Is ar an Dréachtchinneadh ón gComhchoiste ([3]) a bhunófar an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa chéad chruinniú den Chomhchoiste a bunaíodh le hAirteagal 22 den Chomhaontú um an gComhlimistéar Eitlíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an tSeoirsia, den pháirt eile, i dtaca le rialacha nós imeachta an Chomhchoiste a ghlacadh.

2. Féadfaidh ionadaithe an Aontais sa Chomhchoiste mionathruithe ar an Dréachtchinneadh ón gComhchoiste a aontú gan cinneadh eile ón gComhairle.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

([1]) IO L 321, 20.11.2012, lch. 3.
([2]) Cinneadh (AE) 2020/948 ón gComhairle an 26 Meitheamh 2020 maidir leis an gComhaontú um an gComhlimistéar Eitlíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an tSeoirsia, den pháirt eile, a thabhairt i gcrích thar ceann an Aontais (IO L 212, 3.7.2020, lch. 3).
([3]) Féach doiciméad ST13385/20 ar http://register.consilium.europa.eu

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 15 Nollaig 2020.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

J. KLOECKNER